# Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin



Iúil 2016

Comhairle Contae County Council

www.dlrcoco.ie


Plaisteach

# Uaireanta Oscailte

| | |
|---|---|
| Luan – Aoine | **08.30 – 17.30** |
| Satharn | **09.30 – 17.30** |
| Domhnach / Lá Saoire Bainc / Poiblí | **10.30 – 17.30** |

# Dúnta

Domhnach Cásca

Oíche Nollag

Lá Nollag

Lá Fhéile Stiofáin

Lá Caille

# Sonraí Teagmhála

Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin,

Bóthar Bhaile Uí Ógáin,

Baile Átha Cliath 18.

**Teil:** 01 291 3600

**Rphost:** environ@dlrcoco.ie

**An tIdirlíon:** http://www.dlrcoco.ie/aboutus/councildepartments/wasteservices/findit/ballyoganrecyclingpark

Ionad Fóntas Poiblí Repak
Ionad Athchúrsála na Bliana 2012

# Saor ó mhuirear

| TÁ | NÍL |
|---|---|
| **Páipéar** – nuachtán, dramhphost, irisí, eolairí teileafóin, páipéar bán | Cumhdach plaisteach |
| **Cairtchlár** – gach pacáistiú cairtchláir | |
| **Polaistiréin** | |
| **Pacáistiú Plaisteach Glan** – málaí plaisteacha, cumhdach láidir, cartáin iógairt, tobáin ime, scannán cumhdaithe | Cumhdaigh milseáin, brioscaí, brioscáin, potaí plandaí, tráidirí plandaí |
| **Buidéil phlaisteacha** – deoch bog, buidéil seampú, leacht níocháin, gabhdáin bhainne sholadaigh, gabhdáin chrua eile nach stróictear go héasca, pacaistiú torthaí agus glasraí | Bréagáin phlaisteacha, butaí uisce, múiríneoirí, dabhcha stórála ola |
| **Cannaí alúmanaim** – cannaí dí | Leachtanna, bianna |
| **Cannaí chruach** – lena n-áiritear stáin bhrioscaí | |
| **Buidéil ghloine** – buidéil agus prócaí trédhearcacha, donna agus glasa (féadfar gloine ghorm a mheascadh le gloine dhonn) | Piréis, soithí cré, gloiní óil |
| **Teicstílí** – Blaincéidí, bróga, seanbhalcaisí, cuirtíní, éadaí leapa | Cuisíní, brait urláir, éadach salach, duivéanna, piliúir |
| **Tetra Pak** – Cartáin bainne, sú agus anraith | |
| **Leabhair** | |
| **Cartúis Printéara** | |



# Saor ó mhuirear

| TÁ | SAMPLAÍ |
|---|---|
| **Fearais Chistine** | Meaisíní níocháin, cócaireáin, oighinn mhicreathonnacha, cuisneoirí, reoiteoirí |
| **Bolgáin Solais** | Feadáin Fluaraiseacha, Bolgáin filiméid, bolgáin caomhnaithe fuinnimh |
| **Ceallraí** | Ceallraí cairr, ceallraí fón póca, ceallraí teaghlaigh |
| **Sorcóirí Gáis** | Cuir na sorcóirí uile ina seasamh (cineál teaghlaigh amháin) |
| **Múchtóirí Tine** | Caithfear iad a dhiúscairt (cineál teaghlaigh amháin) |
| **Dramh-Olaí** | Ola cócaireachta, ola mótair<br>Ná fág peitreal, ola téimh ná díosal |
| **Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach** | Ríomhairí, monatóirí, clódóirí, scanóirí, Teilifíseáin, fístaifeadáin caiséid, seinnteoirí CD/DVD, steiréónna, uirlisí leictreacha |
| **Miotail** | Rothair, dramh-mhiotal, radaitheoirí, lomairí peitril |
| **Clárghloine agus Plátghloine** | Gaothscáthanna, scátháin, gloine dhaite, gloine phatrúnaithe, gloine shreangaithe, déghloine (Ná fág frámaí), Ná fág earraí ceirmeacha |



# Earraí inmhuirearaithe

| TÁ | SAMPLAÍ |
|---|---|
| Adhmad | Adhmad Gairdín & urlárach, crua-adhmaid, doirse, adhmad bog |
| Earraí téagartha | Troscán, brait urláir, leapacha, toilgs |
| Dramhaíl Ghinearálta | Dramhaíl teaghlaigh, potaí plandaí, tráidirí plandaí, earraí beaga teaghlaigh a bhféadfaí a gcur in araid rothaí. Ná fág fuílleach bia ná boinn |
| Ithir, Clocha agus Dramhaíl Tógála agus Scartála Tí | Brící, leaca pábhála, coincréit, ithir, carraigeacha, bloic. Ná fág aon aispeist |
| Gipseam/Plástarchlár | Scipe faoi leith ar fáil |
| Dramhaíl Ghlas Ghairdín | Féar, gearrthóga fáil, duilleoga |
| Dramhaíl Ghuaiseach Teaghlaigh | Aerasóil, Péinteanna, caolóirí, stiallóirí, oibreáin ghlanta, glantaigh, tuarthóirí, lotnaidicídí. Ní mór dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh a chur i soithí leis na comhábhair marcáilte go soiléir orthu |



# Struchtúr Muirearaithe Feithicle

**Infheidhme maidir le Ceann ar bith nó gach ceann dá leanas:**
Adhmad, Earraí Téagartha, Dramhaíl Ghinearálta, Ithir, Clocha agus Dramhaíl Tógála nó Scartála Tí móide Dramhaíl Ghlas Ghairdín. **Ná fág fuílleach bia.**

| CATAGÓIR AGUS CINEÁLACHA INGHLACTHA FEITHICLE | TRÁCHT |
|---|---|
| **Catagóir 1** – Muirear de €30<br><br>Carranna, MPVanna, Carranna Fada, Carranna Móra Teaghlaigh, Síp/Feithiclí den Chineál 4x4 le Cúlsuíochán Paisinéara, Gach feithicil atá cláraithe mar fheithicil do dhaoine faoi mhíchumas (cuirtear suaitheantas míchumais ar thaispeáint) agus Tacsaithe | Gearrfar muirear i leith dramhaíola a sheachadann coisithe nó a sheachadtar le Rothar/gluaisrothar/móipéid Cuadrothar nó a leithéid, amhail is dá mba dramhaíl de Chatagóir 1 a bheadh inti |
| **Catagóir 2** – Muirear de €60<br><br>Veaineanna Beaga, Veaineanna Cairr (féach nóta 1)<br><br>Leantóir Beag a iompraíonn suas le 1.5 $m^3$ (féach nóta 2)<br><br>Síp/MPVanna/Feithiclí den Chineál 4x4 gan Chúlsuíochán Paisinéara | |
| **Catagóir 3** – Muirear de €100<br><br>Veaineanna idirmheánacha (féach nóta 1)<br><br>Leantóirí idirmheánacha a iompraíonn suas le 3 $m^3$ (féach nóta 2) | Ní cheadaítear feithicliátá níos mó ná veaineanna idirmheánacha (m.sh. veaineanna idirthurais), ach amháin má bhíonn earraí téagartha á seachadadh acu, agus sin amháin. |
| **Dramhaíl Ghuaiseach Teaghlaigh** – Muirear de €4 | Dramhaíl a seachadtar le dramhaíl eile atá saor ó mhuirear. |
| **Dramhaíl Ghuaiseach Teaghlaigh** – Saor in Aisce | Dramhaíl a seachadtar i dteannta dramhaíola inmhuirearaithe m.sh. catagóirí 1-6. |

# Struchtúr Muirearaithe Feithicle

**Infheidhme maidir le:** Dramhaíl ghlas amháin

| CATAGÓIR AGUS CINEÁLACHA INGHLACTHA FEITHICLE | TRÁCHT |
|---|---|
| **Catagóir 4** – Muirear de €8<br><br>Carranna, MPVanna, Carranna Fada, Carranna Móra Teaghlaigh, Síp/Feithiclí den Chineál 4x4 le Cúlsuíochán Paisinéara, Gach feithicil atá cláraithe mar fheithicil do dhaoine faoi mhíchumas (cuirtear suaitheantas míchumais ar thaispeáint) & Tacsaithe | Gearrfar muirear i leith Dramhaíola Glaise a sheachadann coisithe nó a sheachadtar le Rothar/ gluaisrothar/móipéid Cuadrothar nó a leithéid, amhail is dá mba dramhaíl de Chatagóir 4 a bheadh inti |
| **Catagóir 5** – Muirear de €25<br><br>Veaineanna Beaga, Veaineanna Cairr (féach nóta 1)<br>Leantóir Beag a iompraíonn suas le 1.5 $m^3$ (féach nóta 2), Síp/Feithiclí den Chineál 4x4 gan chúlsuíochán paisinéara,/MPVanna | |
| **Catagóir 6** – Muirear de €50<br><br>Veaineanna idirmheánacha (féach nóta 1), Leantóirí idirmheánacha a iompraíonn suas le 3 $m^3$ (féach nóta 2) | Ní cheadaítear feithiclíatá níos mó ná veaineanna idirmheánacha (eg. Veaineanna idirthurais). |

## Nóta 1
Veaineanna atá aicmithe de réir an doiciméid *"Treoir um Aicmiú Veaineanna"* atá ar fáil san áis.

## Nóta 2
Tá catagóir leantóra bunaithe ar an measúnú is fearr ar olltoirt an ábhair atáthar a iompar agus ní ar thoirt an leantóra féin.

## Nóta 3
Gearrtar muirear go leithleach ar fheithiclí agus ar leantóirí.

## Nóta 4
Má bhíonn dramhaíl ar iompar ar dhíon feithicle gearrfar muirear uirthi amhail is dá mba i leantóir a bheadh sí ar iompar.

# Athchúrsáil go Freagrach

- Ba chóir go mbeadh ábhar atá le hathchúrsáil chomh glan agus chomh tirim agus is féidir
- Glan le sruthlú a bhfuil fágtha de bhia agus de leacht
- Leacaigh nó brúigh le chéile boscaí, cartáin agus cannaí
- Bain pacáistiú plaisteach de chairtchlár agus de pháipéar
- Seiceáil gur féidir na gabhdáin phlaisteacha atá agat a athchúrsáil; féadfaidh tú an claibín nó an clár a fhágáil orthu
- Déan cinnte go bhfuil an t-ábhar ceart curtha i ngach gabhdán

**Ní ghlacfar ar an suíomh ach le dramhaíl teaghlaigh amháin**

**Is d'fheithiclí príobháideacha amháin an tsaoráid seo**

**Ní ghlacfar le dramhaíl tráchtála ar an suíomh. Tá cosc air de réir téarmaí an cheadúnais atá ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**
**Uimhir Cheadúnais W0015-01**






# Nótaí ginearálta do chustaiméirí a bhaineann úsáid as Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin

Is féidir táilli a íoc le Cártaí Creidmheasa, airgead tirim, cártaí léasair / cártaí dochair ag Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin.

Ba chóir do chustaiméirí, de réir mar is áisiúil dóibh, an dramhaíl a phacáil de réir ábhair istigh san fheithicil chun go mbeifear in ann í a fholmhú go tapa.

Ba chóir do chustaiméirí dramhaíl, atá ar iompar lasmuigh de chorp na bhfeithiclí .i. ceangailte de dhíon an chairr nó i leantóirí, a chlúdach agus a cheangal go daingean.

Tá Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin suite i limistéar cónaithe. Bí tuisceanach le do thoil dár gcomharsana ag teacht agus ag imeacht duit ón suíomh.

Ná séid an bonnán mura bhfuil géarghá leis, ná cuir bac ar bhealaí isteach agus seachain an mbeifeá sa bhealach ar úsáideoirí eile na mbóithre poiblí.




